



An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

www.nemeton.ie

Guth: 353 (0)58 46499

Scileanna OB le Nemeton

Buneolas

Cuirfear fáilte roimh iarratais d'oibreoir OB faoi oiliúint le Nemeton ag obair ar bheochraolta spóirt do TG4.

Is deis iontach í seo do dhuine a bheadh ag tosú amach sa tionscal agus suim ar leith acu i réimse na mbeochraolta spóirt. Beidh an té a cheapfar ag fáil taithí i mbunscileanna OB agus taithí phraicticiúil i réimsí graificí, físmheascadh agus stiúrá.

Is post lán-aimseartha ar chonradh bliana (12 mí) é seo, lonnaithe sa Rinn i gCo. Phort Láirge.

Tá an post seo faoi scáth an Scéim Forbartha Oiliúna atá á mhaoiniú ag TG4 agus Údarás na Gaeltachta chun sruth nua tallainne le Gaeilge a fhorbairt in earnáil na meáin chraolta.

Maraon leis an taithí oibre bliana, beidh tacaíochtaí oiliúna mar ghné lánach den scéim agus rithfear clár ceardlanna acadúla i bpáirt le GMIT dírithe ar thuiscint agus saineolas sa tionscail a fhorbairt (dhá lá in aghaidh na míosa).

Nemeton - eolas

Is comhlacht léiriúcháin ar leith é Nemeton.

Lonnaithe ar chósta álainn an oir-dheiscirt, táimid préamhaithe i gcultúr ársa Gaeltachta na nDéise.

Is meascán é ár meitheal de léiritheoirí cruthaitheacha, 'techies' cliste agus saoithe spóirt.

Léirimid cláir iontacha don dteilifís agus don idirlíon, déanaimid é a sheachadadh ar shaitilít agus thar IP agus traenáilimid daoine go leanúnach sna réimsí seo.

An Taithí Oibre

Le linn na tréimhse taithí oibre gheobhaidh an té a cheapfar taithí leathan ar na gnéithe seo a leanas:

Scileanna Teicniúla

Beidh blaiseadh beag de raon leathan, ina measc:

Rigeáil, fuaim, innealtóireacht físe, innealtóireacht fuaime, ceamaradóireacht, bainistiú aonaid, obair staitisticí, obair Telestrator.

Beidh an bhéim ar:

Dréachtadh graificí

Oibriú graificí

Oibreoir VT

Físmheascadh

Scileanna Léirithe

Beidh blaiseadh beag de raon leathan, ina measc:
Bainsiteoir urláir, cuntóir céirithe, léiriú, stiúró.

Beidh an bhéim ar stiúró beochraolta

Obair réamhléirithe

Beidh blaiseadh beag de raon leathan, ina measc:
Taighde, cuntóir léirithe, léiriúchán ginearálta, logáil físe, eagarthóireacht bhunúsach, bainistiú ar acmhainní digiteacha.

Beidh an bhéim ar ghraificí

Riachtanais

Léireoidh an t-iarrthóir mian láidir chun oibre le meascán scileanna teicniúla agus léirithe. Paisean don spórt agus Gaeilge mhaith.

Beidh an-chuid taistil agus obair dheireadh seachtaine i gceist.

Seol iarratas agus CV chuig hr@nemeton.ie roimh an Aoine 17 Bealtaine. Dáta tosnaithe timpeall 7ú Meitheamh 2019.